

# Suim agat a bheith i do cheannaire ógra?



Tá Feachtas ag lorg daoine thar 18 mbliana d'aois le bheith ina gceannairí i gclub óige nua i dTamhlacht. Is deis iontach é seo d'aon duine a bhfuil suim acu i bheith ag obair le daoine óga trí Ghaeilge, scileanna nua a fhoghlaim sa phobal áitiúil nó díreach ag iarraidh rud nua a thriail.

## An club

Is club é seo atá bunaithe ag muintir áitiúil Tamhlachta i gcomhar le Feachtas, óg-eagraíocht a thacaíonn le forbairt phearsanta agus shóisialta an duine óig trí Ghaeilge. Reáchtálar an club uair sa tseachtain ó Mheán Fómhair go Bealtaine i Rua Red, An Chearnóg, Tamhlacht. Uair go leith in aghaidh na seachtaine a bheidh i gceist.

## Na daoine óga

Beidh an club ag freastal ar dhaoine óga le Gaeilge idir Rang 6 sa bhunscoil agus an 2ú bliain sa mheánscoil.

## Oiliúint agus traenáil

Níl oiliúint ar bith ag teastáil roimh ré. Cuireann Feachtas traenáil agus oiliúint ar fáil saor in aisce do gach ceannaire roimh thosach an chlub agus ar bhonn leanúnach ina dhiaidh sin.

## Cad a dhéanann ceannairí?

Bíonn na ceannairí freagrach as an gclub a reáchtáil. Cuireann siad áit shábháilte shóisialta ar fáil do na daoine óga inar féidir leo scíth a ligean agus spraoi a dhéanamh. Beidh siad i láthair do na seisiúin sheachtainiúla a mhaireann uair go leith. Beidh páirt lárnach ag na daoine óga féin i reáchtáil an chlub ach beidh na ceannairí ann mar thacaíocht thábhachtach chun imeachtaí an chlub a éascú.

## Cén fáth a bheith páirteach?

Is deis iontach é seo bualadh le daoine nua agus scileanna nua a fhoghlaim. Gheobhaidh tú taithí den scoth ar an obair don aos óg agus beidh tú ag cur le féinmhuinín agus le forbairt phearsanta daoine óga i do cheantar.

## Bí linn!

Má tá tuilleadh eolais uait ar Chlub Óige Feachtas, Tamhlacht, nó más maith leat spéis a léiriú, déan teagmháil le Loretta ag [Loretta@feachtas.ie](mailto:Loretta@feachtas.ie) nó ar 0879046136